Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Bealtaine 2020**
**(OR. en)**

**8208/20**

**CULT 26**
**SUSTDEV 54**
**PROCIV 30**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 7680/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le bainistiú riosca i réimse na hoidhreachta cultúrtha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí san Iarscríbhinn na Conclúidí ón gComhairle maidir le bainistiú riosca i réimse na hoidhreachta cultúrtha, a ghlac an Chomhairle trí nós imeachta i scríbhinn an 25 Bealtaine 2020, i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle agus le hAirteagal 1 de Chinneadh 2020/556 ón gComhairle.

Cuirfear na conclúidí ón gComhairle ar aghaidh lena bhfoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, mar a chinn Coiste na mBuanionadaithe an 14 Bealtaine 2020.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le bainistiú riosca i réimse na hoidhreachta cultúrtha**

**MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

**AGUS AN MÉID A LEANAS Á CHUR SAN ÁIREAMH AICI:**

1. an cúlra polaitiúil mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é;

**AG MEABHRÚ DI AN MÉID A LEANAS:**

2. is foinse thábhachtach den fhéiniúlacht, den nuálaíocht agus den chruthaitheacht do dhaoine aonair agus don tsochaí í an oidhreacht chultúrtha in iomláine a héagsúlachta (idir oidhreacht inláimhsithe – lena n-áirítear láithreáin agus tírdhreacha, déantáin agus séadchomhartha – agus oidhreacht dholáimhsithe, a chuimsíonn eolas, scileanna agus cleachtais, béaloideas agus na taibh-ealaíona) agus, ní hamháin go bhfuil luach intreach as cuimse aici ó thaobh fhorbairt agus dhea-bhail shochaí na hEorpa de, rannchuidíonn sí go mór leis an bhfás eacnamaíoch, leis an gcuimsiú sóisialta agus leis an bhforbairt inbhuanaithe;

3. ba cheart tábhacht na hoidhreachta cultúrtha, a chuirtear chun suntais i gClár Oibre Straitéiseach Nua an Aontais do 2019-2024 agus dá dtugtar tús áite sa Phlean Oibre don Chultúr 2019-2022 agus sa Chlár Oibre Eorpach Nua le haghaidh an Chultúir, a chur san áireamh nuair a bhíonn spriocanna forbartha inbhuanaithe á saothrú agus cláir oibre forbartha á mbeartú ar an leibhéal náisiúnta;

4. is iomaí baol atá ann don oidhreacht chultúrtha, mar shampla, de bharr ghníomhaíocht d'aon ghnó nó ghníomhaíocht neamhbheartaithe an duine, guais nádúrtha, eachtra a tharlaíonn uair amháin nó a tharlaíonn arís is arís eile, nó mar thoradh ar mheath mall, dídhaonrú nó tubaiste thobann;

5. ba cheart an méid a baineadh amach le linn Bhliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha 2018 a úsáid mar bhunús don ghníomhaíocht dhearfach chun rioscaí a aithint agus a bhainistiú i réimse na hoidhreachta cultúrtha;

6. an oidhreacht chultúrtha a chosaint i gcoinne bagairtí éagsúla, is é sin atá mar chuspóir ag tacar gníomhaíochtaí tiomnaithe faoin tríú colún den Chreat Eorpach le haghaidh Gníomhaíocht maidir le hOidhreacht Chultúrtha, eadhon "Oidhreacht chultúrtha d'Eoraip athléimneach".

**AG AITHINT DI:**

7. na hionstraimí, na caighdeáin agus na prionsabail normatacha a aithnítear go hidirnáisiúnta maidir le caomhnú agus athbhunú, agus an rannchuidiú chun an oidhreacht chultúrtha a chaomhnú a rinne eagraíochtaí idirnáisiúnta (amhail UNESCO agus Comhairle na hEorpa) chomh maith le heagraíochtaí rialtasacha, idir-rialtasacha (amhail ICCROM), agus eagraíochtaí neamhrialtasacha agus gairmiúla (amhail ICOMOS agus ICOM);

8. a phráinní atá sé comhar a spreagadh ar na leibhéil ábhartha uile agus leis na rannpháirtithe ábhartha chun fachtóirí riosca a aithint agus, mar thoradh air sin, a thábhachtaí atá sé pleananna bainistithe riosca a cheapadh agus a chur chun feidhme i réimse na hoidhreachta cultúrtha;

9. is den ríthábhacht é bearta fadtéarmacha a bhunú trí phleananna bainistithe riosca a chur chun feidhme in éineacht le beartais phleanáilte, bearta cosanta agus dea-chleachtais chun damáiste a chosc agus a mhaolú i gcur chuige duine-lárnach chun an oidhreacht chultúrtha a chaomhnú.

**AG AITHINT DI GUR:**

10. feiniméan domhanda agus dúshlán ollmhór é an t-athrú aeráide a bhfuil tionchar mór aige ar an oidhreacht chultúrtha agus nádúrtha, agus gur gá, a oiread is féidir, bearta a dhéanamh chun tionchair dhiúltacha a chosc, a mhaolú agus chun dul in oiriúint orthu agus, i gcás inar féidir, chun na tionchair dhiúltacha a aisiompú;

11. in aimsir seo na neamhchinnteachta méadaithí ar an leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear líon méadaitheach éigeandálaí agus tubaistí, cabhraíonn coimirciú agus bainistiú inbhuanaithe na hoidhreachta cultúrtha leis an athléimneacht shochaíoch ar bhealach tábhachtach, agus leis an ngníomhú ar son na haeráide**,** agus, i dtaca leis sin, is féidir leis an Aontas agus a Bhallstáit ról tábhachtach a bheith acu mar ghníomhaí domhanda i mbainistiú riosca na hoidhreachta cultúrtha;

12. tá tionchar fíorthábhachtach eacnamaíoch agus sóisialta ag géarchéimeanna amhail paindéim COVID-19 ar na hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha. Leis an gcaillteanas ollmhór ioncaim, leis an gcur isteach ar mhalartú eolais, leis an stop atá curtha leis an obair chothabhála agus athchóirithe, leis an srian ar rochtain agus ar rannpháirtíocht, agus le nithe eile nach iad, éilítear go ndíreofaí níos mó ar an inbhuanaitheacht agus ar an athléimneacht mar phríomhghné de bhainistiú na hoidhreachta cultúrtha;

13. maidir le pleanáil spáis, tógáil foirgneamh agus forbairt críoch, sna cathracha agus sna limistéir thuaithe araon, ní mór do na páirtithe lena mbaineann a bheith iomlán tiomanta ionas go bhféachfar ar an oidhreacht chultúrtha mar shócmhainn agus nach mbeidh sí faoi bhagairt agus nach ligfear i léig í;

14. tá sé ríthábhachtach go gcuirfear bainistiú riosca san áireamh, san oiliúint ghairmiúil agus mar chuid den fhoghlaim ar feadh an tsaoil araon, le háirithiú go mbeidh comhphobail ar an eolas ó thaobh riosca de agus go nglacfaidh siad páirt níos mó sna bearta coimirce agus caomhnaithe;

15. tá ról tábhachtach ag an taighde i ndáil le cineál agus tionchar na mbagairtí, amhail an t-athrú aeráide, a thuiscint, agus módúlachtaí nuálacha agus éifeachtacha don bhainistiú riosca a fhorbairt i réimse na hoidhreachta cultúrtha.

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT, LAISTIGH DÁ RÉIMSÍ INNIÚLACHTA FAOI SEACH AGUS PRIONSABAL NA COIMHDEACHTA Á CHOMHLÍONADH GO CUÍ ACU, AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:**

16. uirlisí agus cuir chuige nuálacha a shainiú atá ar fáil ar leibhéal an Aontais chun riosca a shainaithint, a chosc agus a mhaolú agus ullmhúchán a dhéanamh ina leith agus iad a úsáid ar bhealach gníomhach chun rannchuidiú le próiseas an chaomhnaithe inbhuanaithe, leis an bhfaireachán agus leis an measúnú riosca a dhéanamh níos fusa;

17. faisnéis a chomhroinnt maidir le líonraí saineolaithe oidhreachta atá ann cheana ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéil eile, chun sainaithint, cosaint, caomhnú agus/nó athchóiriú oidhreacht chultúrtha na hEorpa a chur chun cinn;

18. sásraí comhchoiteanna a fhorbairt, i gcásanna inarb iomchuí, don bhainistiú riosca, comhar ar gach leibhéal a chur chun cinn, glacadh cur chuige comhoibritheach ar gach leibhéal ceaptha beartais agus bainistithe oidhreachta a neartú, bunaithe ar phrionsabail an rialachais rannpháirtigh agus na freagrachta comhroinnte;

19. an oidhreacht chultúrtha a aithint agus a chomhtháthú sna beartais bainistithe riosca agus sna pleananna bainistithe ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais, agus comhar trasearnálach a bhunú**,** i gcás inarb iomchuí**,** chun bainistiú riosca leordhóthanach a áirithiú i réimse na hoidhreachta cultúrtha, agus forálacha ábhartha mar a shainítear iad i gCinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta á gcur san áireamh;

20. aird ar leith a thabhairt ar chosaint na hoidhreachta cultúrtha i gceantair nach bhfuil an daonra chomh dlúth sin iontu, d'fhonn bearta maolaithe riosca a chur ar fáil ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach;

21. ról an taifeadta agus an doiciméadaithe a fheabhsú i ndáil le hábhar neamhdhigiteach, ábhar digitithe agus ábhar digitghinte a chaomhnú, ar ábhar é nach mór prionsabail na hidir-inoibritheachta, na comhoiriúnachta, na hinrochtaineachta agus na hinbhuanaitheachta a chur san áireamh ina leith;

22. gníomhaíochtaí a spreagadh a thacaíonn le caomhnú rialta na hoidhreachta tógtha agus inaistrithe, chomh maith le bainistiú tírdhreacha agus úsáid modhanna, teicnící agus ábhair iomchuí ardcháilíochta sa phróiseas caomhnaithe chun an inbhuanaitheacht a chur chun cinn;

23. coimirciú agus aistriú scileanna agus ceardaíochta traidisiúnta a chur chun cinn agus, i gcásanna inarb iomchuí, gníomhaíochtaí oiliúna sonracha a cheapadh chun aghaidh a thabhairt ar bhainistiú riosca ag gach céim den fhorbairt ghairmiúil do shaineolaithe oidhreachta agus gairmeacha ábhartha eile;

24. feasacht a mhéadú maidir leis an teicneolaíocht dhigiteach atá ag teacht chun cinn, agus úsáid a bhaint as an teicneolaíocht sin – go háirithe an dul chun cinn sna teicneolaíochtaí 3T – atá mar bhonn do thaighde, doiciméadú agus léirmhíniú nuálach na hoidhreachta cultúrtha, mar aon le cur i bhfeidhm na modhanna iomchuí coimirce;

25. sonraí atá ar fáil trí chláir shatailíte, amhail Copernicus, agus foinsí eile, a úsáid, de réir mar is iomchuí, chun faireachán a dhéanamh ar an oidhreacht chultúrtha; is féidir táirgí a úsáid a fuarthas ó theicneolaíochtaí fhaire na Cruinne, amhail léarscáileanna measúnaithe riosca agus táscairí maidir leis an athrú aeráide, ina leith sin;

26. feabhas a chur ar an ról suntasach atá ag údaráis, institiúidí cultúrtha, amhail músaeim, cartlanna, leabharlanna, dánlanna, taisclanna agus úinéirí maoine cultúrtha, chomh maith le saoránaigh agus an tsochaí shibhialta, agus béim a leagan ar an ngá le dlúthchomhar eatarthu.

**IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT AGUS AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH:**

27. feasacht a mhúscailt faoi acmhainní airgeadais agus lóistíochta atá ann cheana féin le haghaidh cúrsaí a bhaineann le coimirciú na hoidhreachta atá i mbaol agus na hacmhainní sin a shlógadh;

28. feabhas a chur ar na deiseanna i ndáil le feasacht a mhúscailt, soghluaisteacht agus malartú taithí idir na geallsealbhóirí ábhartha chun dea-chleachtais a chomhroinnt ar bhealach níos fearr, go háirithe maidir le téarnamh ó thubaistí, agus an dul chun cinn is déanaí i réimse an bhainistithe riosca, agus chun tacú le fothú acmhainneachta agus aistriú eolais;

29. ógánaigh na hEorpa a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí éagsúla i réimse na hoidhreachta cultúrtha, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí sin lena leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le coimirciú na hoidhreachta;

30. rannchuidiú, de réir mar is iomchuí, leis na hábhair a bhaineann le bainistiú riosca laistigh de chreat Ghrúpa Saineolaithe an Choimisiúin um an oidhreacht chultúrtha, agus aird ar leith á tabhairt ar mhodhanna chun caillteanas a shainaithint, a chosc agus a laghdú, mar aon le hanailísiú agus tosaíochtaí a leagan síos i leith bearta leantacha i dtaca le riosca;

31. cumarsáid dhearfach a dhéanamh leis an bpobal faoi luach na hoidhreachta cultúrtha trí iompraíocht fhreagrach agus rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí coimircithe a chur chun cinn.

**IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:**

32. breathnú ar lámhleabhar de chuid an Aontais a ullmhú maidir le bainistiú riosca i réimse na hoidhreachta cultúrtha, a d'fhéadfadh a bheith bunaithe a) ar thorthaí na dtionscadal a liostaítear faoin naoú cnuasach dar teideal *Protecting cultural heritage against natural disasters and climate change* [An oidhreacht chultúrtha a chosaint i gcoinne tubaistí nádúrtha agus an athraithe aeráide] ón gCreat Eorpach le haghaidh Gníomhaíocht maidir le hOidhreacht Chultúrtha, b) ar anailís ar na hachoimrí náisiúnta ar bhainistiú riosca tubaistí atá le cur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2020, i gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Tuairisciú ar Bhainistiú Riosca Tubaistí de réir Airteagal 6(1)d de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta agus c) ar eilimintí ábhartha ó phleananna nó straitéisí náisiúnta oiriúnaithe don athrú aeráide. Na hiarrachtaí a rinneadh i ndáil le líonra d'ionaid inniúlachta a bhunú ar fud an Aontais chun eolas ar an oidhreacht chultúrtha atá i mbaol a choimirciú trí dhigitiú ar mhórscála, a fógraíodh sa Chlár Oibre Eorpach nua don Chultúr, d'fhéadfaí iad a úsáid sa chomhthéacs sin freisin;

33. leanúint leis an idirphlé agus leis an gcomhar leanúnach le líonraí a bhfuil taithí luachmhar faighte acu maidir le bainistiú riosca i réimse na hoidhreachta cultúrtha;

34. sineirgí a lorg le heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha (rialtasacha, idir-rialtasacha agus neamhrialtasacha) chun an oidhreacht chultúrtha a chaomhnú agus a chosaint go hinbhuanaithe do na glúnta atá ann anois agus a bheidh ann sa todhchaí.

## Doiciméid ábhartha beartais

An Chomhairle Eorpach

- Conclúidí ón gComhairle Eorpach, an 14 Nollaig 2017 (EUCO 19/1/17 REV 1)
- *Clár Oibre Straitéiseach Nua* 2019-2024 (a ghlac an Chomhairle Eorpach an 20 Meitheamh 2019)

Dearbhuithe Aireachta

- *The Davos Declaration – Towards a high-quality Baukultur for Europe,* [Dearbhú Davos – I dtreo Baukultur ardchaighdeáin don Eoraip], 20-22 Eanáir 2018
- *Dearbhú maidir le comhar ar dhigitiú na hoidhreachta cultúrtha a chur chun cinn*, an Bhruiséil, Lá an Digitithe 2019, 8 Aibreán 2019
- *The Bucharest Declaration of the Ministers of Culture and their representatives on the role of culture in building Europe's future* [Dearbhú Bhúcairist ó na hAirí Cultúir agus a gcuid ionadaithe maidir le ról an chultúir chun todhchaí na hEorpa a chothú], 16 Aibreán 2019
- *An Dearbhú a glacadh le linn an Chruinnithe Neamhfhoirmiúil a bhí ag Airí Bhallstáit an Aontais atá freagrach as Gnóthaí Cultúrtha agus Eorpacha,* Páras, 3 Bealtaine 2019

An Chomhairle

Conclúidí

- *Conclúidí ón gComhairle maidir le hailtireacht: rannchuidiú an chultúir leis an bhforbairt inbhuanaithe* (IO C 319, 13.12.2008, lch. 13)

- *Conclúidí ón gComhairle an 12 Bealtaine 2009 maidir leis an gcultúr mar chatalaíoch don chruthaitheacht agus don nuálaíocht* (8749/1/09 REV 1)

- *Conclúidí ón gComhairle maidir le rannchuidiú an chultúir le forbairt áitiúil agus réigiúnach* (IO C 135, 26.5.2010, lch. 15)

- *Conclúidí ón gComhairle maidir leis an oidhreacht chultúrtha mar acmhainn straitéiseach don Eoraip inbhuanaithe* (IO C 183, 14.6.2014, lch. 36)

- *Conclúidí ón gComhairle maidir le rialachas rannpháirteach na hoidhreachta cultúrtha* (IO C 463, 23.12.2014, lch. 1)

- *Conclúidí ón gComhairle maidir le rochtain ar an gcultúr trí mheáin dhigiteacha a chur chun cinn agus béim ar leith ar fhorbairt an lucht éisteachta/féachana* (IO C 425, 12.12.2017, lch. 4)

- *Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngá atá leis an oidhreacht chultúrtha a thabhairt chun cinn sna beartais san Aontas* (IO C 196, 8.6.2018, lch. 20)

- *Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bPlean Oibre don Chultúr* 2019-2022, (IO C 460, 21.12.2018, lch. 12)

- *Conclúidí ón gComhairle maidir le glúnta óga cruthaitheacha* (IO C 189, 5.6.2019, lch. 34)

- *Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chuige straitéiseach AE i ndáil le caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta agus creat gníomhaíochta* (IO C 192, 7.6.2019, lch. 6)

Rúin

- *Rún ó na hAirí atá freagrach as Gnóthaí Cultúrtha, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle an 13 Samhain 1986 maidir le hoidhreacht ailtireachta na hEorpa a chosaint (*IO C 320, 13.12.1986, lch. 1)

- *Rún ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle maidir le Gné Chultúrtha na Forbartha Inbhuanaithe* (IO C 410, 6.12.2019, lch. 1)

An Coimisiún

Teachtaireachtaí

- *Towards an integrated approach to cultural heritage for Europe* [I dtreo cur chuige comhtháite maidir leis an oidhreacht chultúrtha don Eoraip] (COM(2014) 477 final)

- *Strengthening European Identity through Education and Culture* [An Fhéiniúlacht Eorpach a neartú trí Oideachas agus Cultúr]. *The European Commission's contribution to the Leaders' meeting in Gothenburg* [Ionchur an Choimisiúin Eorpaigh ag an gcruinniú a bhí ag Ceannairí an Aontais in Göteborg], 17 Samhain 2017 (COM(2017) 673 final)

- *A New European Agenda for Culture* [Clár Oibre nua Eorpach don Chultúr] (COM(2018) 267 final)

- *The European Green Deal* [Comhaontú Glas don Eoraip] (COM(2019) 640 final)

Teachtaireachtaí Comhpháirteacha ón gCoimisiún Eorpach/ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála

- *Towards an EU strategy for international cultural relations* [I dtreo straitéis AE le haghaidh caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta] (JOIN(2016) 29 final)

Fógraí

- *Reporting Guidelines on Disaster Risk Management, Art. 6(1)d of Decision No 1313/2013/EU* [Treoirlínte faoi Thuairisciú maidir le Bainistiú Riosca Tubaistí, Airt. 6(1)d de Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE] (IO C 428, 20.12.2019, lch. 8)

Doiciméid Inmheánacha Oibre

- *European Framework for Action on Cultural Heritage* [Creat Gníomhaíochta Eorpach maidir leis an Oidhreacht Chultúrtha] (SWD(2018) 491 final)

Tuarascálacha

- *Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le cur chun feidhme, torthaí agus measúnú foriomlán Bhliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha 2018* (COM (2019) 548 final)

Staidéir

- *Safeguarding cultural heritage from natural and man-made disasters* [An oidhreacht chultúrtha a choimirciú ó thubaistí nádúrtha agus ó thubaistí de dhéantús an duine]. *A comparative analysis of risk management in the EU - Study* [Anailís chomparáideach ar bhainistiú riosca san Aontas – Staidéar] (Aibreán 2018)

<u>Na Náisiúin Aontaithe</u>

- Creat Gníomhaíochta Hyogo 2005-2015: Teacht aniar na náisiún agus na bpobal in aghaidh tubaistí a chothú

- Creat Sendai 2015-2030 um Laghdú Rioscaí Tubaiste

UNESCO

- *An Coinbhinsiún chun Maoin Chultúrtha a Choimirciú i gCás Coinbhleachta Armtha* (Coinbhinsiún na Háige, 1954)
- *An Coinbhinsiún maidir leis an oidhreacht dhomhanda, chultúrtha agus nádúrtha a chosaint* (1972)
- *An Coinbhinsiún maidir le Cosaint na hOidhreachta Cultúrtha Fo-uisce* (2001)
- *An Chairt um Chaomhnú na hOidhreachta Digití* (2003)
- *An Coinbhinsiún maidir le caomhnú na hoidhreachta cultúrtha doláimhsithe* (2003)
- *Straitéis Laghdaithe Riosca ag Maoine Oidhreachta Domhanda* (leagan athbhreithnithe, 2007)
- *Rioscaí Tubaistí a Bhainistiú don Oidhreacht Dhomhanda* (lámhleabhar, Meitheamh 2010)
- *Dearbhú Bhúdaipeist maidir leis an Oidhreacht Dhomhanda* (a ghlac an Coiste Oidhreachta Domhanda i mí an Mheithimh 2002)

Comhairle na hEorpa

- an Creat-Choinbhinsiún maidir le Luach na hOidhreachta Cultúrtha don tSochaí (Coinbhinsiún Faro, 2005)
- Moladh CM/Rec (2017)1 do na Ballstáit maidir le "Straitéis Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha don 21ú haois" (2017)
- An Coinbhinsiún maidir le Cionta a bhaineann le Maoin Chultúrtha (2017)
- Comhaontú na hEorpa agus na Meánmhara maidir le Mórghuaiseacha (EUR-OPA)

Staidéir eile

- *First Aid to Cultural Heritage in Times of Crisis (ICCROM and the Prince Claus Fund for Culture and Development*, 2018) [Garchabhair don Oidhreacht Chultúrtha Tráth na Géarchéime (ICCROM agus Ciste an Phrionsa Claus don Chultúr agus don Fhorbairt, 2018)]

- *European Quality Principles for EU-funded Interventions with Potential Impact upon Cultural Heritage* [Prionsabail Cháilíochta Eorpacha le haghaidh Idirghabhálacha atá maoinithe ag an Aontas Eorpach a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar an Oidhreacht Chultúrtha] (ICOMOS, 2019)

- Tuarascáil Rioscaí Domhanda 2020 (an Fóram Eacnamaíoch Domhanda)